Fhómhair Bia 2020.

Fís d'Agraibhia agus d'Iascaigh na hÉireann

Department of Agriculture, Fisheries and Food
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Achoimre Feidhmiúcháin

Comhthéacs

Is iad agraibhia, iascach agus foraoiseacht an tionscal dúchasach is mó atá in Éirinn ag a bhfuil idirspleáchas suntasach ar ghnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil atá ar fud na hÉireann. I dteannta a chéile, tá thart ar 150,000 duine fostaithe ag an tionscal agus tá táirgeacht bhliantúil de bhreis ar €24 billiún aige, lena n-áirítear tionscal ilbhilliúin easpórtála.

Chuir *Tuarascáil Agraifhíse 2015 (Agri Vision 2015),* a d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in 2004, creatlach ar fáil a mhaireann deich mbliana le haghaidh fhorbairt na hearnála. Agus aird ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá roimh an tionscal i láthair na huaire, bhíothas faoin tuairim go raibh deiseanna iomadúla ann in 2010 leis an straitéis a athnuachan agus thionóil an tAire Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia, an tUas. Brendan Smith, T.D., i Márta 2010 chun na críche seo. Faoi Chathaoirleacht an Dr Seán Brady, agus feasach ar na measúnuithe anailíseacha mionsonraithe ar a bhfuil fáil ag gach earnáil, rinneadh **Fhómhair Bia 2020** a fhorbairt mar threochlár comhtháite don tionscal d'fhonn cur le cumas, cur in oiriúint do dhúshlán agus fás a dhéanamh i gcomhthéacs deiseanna atá ag teacht chun cinn sa chéad deich mbliana atá amach romhainn.

Fis - Cliste, Glas, Boradh

'Cliste'

Tá coinne ag **Fhómhair Bia 2020** le hearnáil a ghníomhaíonn go 'cliste' d'fhonn mais chriticiúil iomaíoch a bhaint amach sa mhargadh idirnáisiúnta agus tá na tomhaltóirí sin atá sna príomh-mhargaí ina sprioc a aithníonn agus a chúitíonn táirgeoirí bia na hÉireann as ucht a n-aschuir 'ghlais'. Ceapann an Coiste go dteastóidh na nithe a leanas leis seo a bhaint amach:

- Glacadh le teicneolaíochtaí nua ag leibhéal an bhuntáirgeora;
- Caidreamh nua oibre a fhorbairt laistigh den slabhra táirgthe bia;
- Sruthanna nua táirgthe a threorú;
- Acmhainní nua a spriocdhíriú ar mhargaí;
- Feabhas a chur ar leibhéil táirgiúlachta agus iomaíochais; agus,
- Scileanna táirgthe agus bainistíochta a fhorbairt ar fud na hearnála.

Bainfear an méid seo amach trí dhua a chaitheamh le smaointe, le heolas agus le scileanna, agus aird bheith ar a thábhachtaí atá comhoibriú ar fud an tslabhra soláthar bia, le hiomaitheoirí eile agus, go ginearálta, laistigh de chreatlach an gheilleagair chliste, maidir leis an deis a thapú.

'Glas'

Tá sé ina thábhacht go ndéantar caipitliú ar an mbaint atá ag Éirinn leis an dath 'glas' i ndáil leis an deis margaíochta a fhorbairt le haghaidh agraibhia na hÉireann. Cuirfidh sé seo lenár mbaint stairiúil leis an dath agus leagfaidh sé béim ar na dintiúir comhshaoil lena mbaineann ár gcórais fhairsinge ionchuir ísil, fhéir-bhunaithe táirgthe.

Ar a shon sin, ní mór an fhís 'ghlas' seo a bheachtú, bunús a thabhairt léi ag fianaise eolaíochta agus cumarsáid a dhéanamh uirthi sna deich mbliana amach romhainn má tá tiomantas na hÉireann d'inbhuanaitheacht agus do chur i bhfeidhm cleachtas comhshaoil den chéad scoth le bonn a chur faoi bhorradh easpórtála.

I ndeireadh na dála, tuigfidh tomhaltóirí i margaí tábhachtacha go bhfuil siad ag cur luacha leis an gcomhshaol nádúrtha agus ag tabhairt measa dó, ach táirgí Éireannacha a cheannach, trí choincheap 'bhranda na hÉireann' a fhorbairt.

'Borradh'

Is é an fhís atá ag an tuarascáil seo, fís ag a bhfuil tréantionchar, táirgeadh éifeachtúil, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuireann borradh suntasach ar fáil a théann chun sochair bhuntáirgeoirí, bunphróiseálaithe agus na hearnála déantúsaíocht bia. Tabharfaidh baint amach na físe seo lámh chúnta don earnáil an fheidhm atá aici a chur ar bun in athshlánú geilleagrach na hÉireann, agus, faoi 2020, méadú a chur ar na nithe a leanas:

- Luach na táirgeachta príomha a mhéadú faoi €1.5 billiún;
- Aschuir bhreisluacha a mhéadú faoi €3 billiún; agus
- Easpórtálacha a mhéadú go dtí €12 billiún, a léiríonn borradh 42% thar an tréimhse 2007-2009.

Fíorú na físe seo

Bhí anailís mhionsonraithe earnáil de réir earnála an Choiste ina thairbhe ar líon moltaí fairsinge lenar bhain iomaíochas, inbhuanaitheacht an chomhshaoil agus ábharthacht a dhíriú ar tomhaltóirí san uile earnáil ag leibhéal an bhuntáirgeora agus na próiseála. Sa mhullach air sin, is ann do 123 moladh sa bhreis, a bhaineann go sonrach le hearnálacha ar leith, i gcorp na tuarascála. Tugadh faoi deara gur eascair líon téamaí arís agus arís eile thar thréimhse plé an Choiste, agus cuireann an léargas gearr ginearálta seo an deis ar fáil béim a leagan ar na réimsí coitianta a gcreideann an Coiste go bhfuil géarghá le feabhsú má táthar leis na spriocanna borrtha a leagtar amach sa tuarascáil seo a bhaint amach.

Iomaíochas a bhaint amach

Ní mór go mbíonn iomaíochas mar bhonn agus taca do straitéisí inbhuanaitheachta san uile earnáil agus timpeallacht trádála i gceist atá éirí níos luaini chomh maith le tréaniomaíochas idirnáisiúnta. Beidh gá le comhdhlúthú agus le hathstruchtúrú an chumais phróiseála d'fhonn an scála a theastaíonn a bhaint amach in earnálacha áirithe, agus sa mhullach air sin, d'fhéadfadh buntáiste straitéiseach baint leis an tsamhail iomaíochta 'co-opetition' ina gcomhoibríonn cuideachtaí iomaitheoirí Éireannacha le soláthar a dhéanamh isteach i margaí idirnáisiúnta.

Déanfar breithniú ar shamhlacha nua, ar nós socruithe comhpháirtíochta nó comhfheirmeoireachta d'fhonn tabhairt faoi iomaíochas laistigh de bhainistíocht feirme. Cé go gcruthóidh feabhsúcháin i sláinte agus i bpórú ainmhithe gnóthachain táirgiúlachta, ní mór go bhfreagróidh laghdú córasach ar chostais ionchuir do na feabhsúcháin seo.

Ní mór go leanfaidh rialú sábháilteacht bhia ar aghaidh agus béim á leagan ar thiomantas na hÉireann do bheith ar cheann de na hionaid is sábháilte i dtaobh táirgeadh bia sa domhan, ach ní mór a bheith 'cliste' agus gan ualaí nach bhfuil gá leo a chur ar an slabhra soláthair.

Infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna

Baineann ríthábhacht le forbairt a dhéanamh ar scileanna earnáil an agraibhia agus an iascaigh i ndáil leis an bhfeidhm atá á tabhairt faoi ag an tionscal sa gheilleagar cliste agus tacaíonn Coiste le cur i bhfeidhm thorthaí ábhartha na tuarascála '*Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Deochanna'*.

Is ann cheana féin do bhonneagar suntasach scaipthe eolais don phobal feirmeoireachta, idir ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal, coláistí talmhaíochta, agus grúpaí plé chomh maith leis an gclár feirme BETTER de chuid Theagasc. D'fhéadfaí leas níos mó a bhaint as an mbonneagar seo mar acmhainn le haghaidh oideachas leanúnach 'feadh an tsaoil' i measc an phobail feirmeoireachta sna deich mbliana amach romhainn.

Ina theannta sin, ní mór go mbeadh méadú a dhéanamh ar an mbonn scileanna laistigh den earnáil próiseála agus déantúsaíochta ina thosaíocht agus béim faoi leith ar dheiseanna a fhorbairt i ndéantúsaíocht bharainneach agus i nuálaíocht, chomh maith le margaíocht tógála agus i scileanna ceannaireachta.

Ag díriú ar an gcustaiméir agus ar an tomhaltóir

Níor mhór go mbeadh freagairt ar riachtanais an mhargaidh ar a bhfuil athrú ag teacht mar aon le roghanna an tomhaltóra ina thosaíocht maidir le gach páirtí leasmhar sa tionscal. Sainaithníonn Grúpa Rochtana ar an Margadh de chuid an DAFF lena mbaineann an tionscal agus an Bord Bia, margaí nua easpórtála a bhféadfadh borradh teacht orthu. Bainfidh tábhacht ar leith le táirgí nuálaíocha agus iomaíocha a fhorbairt trí infheistíocht mhéadaithe i dtaighde agus i bhforbairt agus trí bhéim a chur ar an gcaoi go dtáirgtear bia na hÉireann ar bhealach nádúrtha, inbhuanaithe agus ar bhealach nach ndéanann díobháil don chomhshaol, i ndáil le borradh a bhaint amach i ngach margadh.

Dintiúir chomhshaoil na hÉireann a dhaingniú

Saincheist dhomhanda é meath an chomhshaoil agus ní raibh riamh anuas a oiread feasachta ag tomhaltóirí ar an tsaincheist seo agus atá faoi láthair. Cé gurb inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol é buntáirgeadh bia na hÉireann, ní mór dul i ngleic le tionchar diúltach ar an gcomhshaol ar bhealach cuimsitheach agus inchreidte. Agus aird air seo, mhol an Coiste measúnú straitéiseach comhshaoil a dhéanamh ar thionchar na moltaí atá **i Fhomhair Bia 2020** . Céim thábhachtach sa phróiseas seo is ea plean soiléir a fhorbairt d'fhonn na hastuithe méadaithe gáis cheaptha teasa a sheach-chur.

D'fhéadfadh an bratbhranda nua 'Branda na hÉireann', a leagann béim ar dhea-mhaoirseacht chomhshaoil na hÉireann, agus atá bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar eolaíocht inchreidte, bheith mar an meán is éifeachtaí le teachtaireacht inbhuanaitheachta na hÉireann a bhogadh chun gluaiseachta.

Acmhainní a fháil do straitéis éifeachtach taighde agus forbartha

Baineann ríthábhacht le hinfheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt maidir le freastal ar éilimh thomhaltóirí, ar a bhfuil athrú ag teacht, agus le deiseanna nua borrtha a fhíorú. D'fhonn tabhairt faoi chumas borrtha an tionscail, ní mór sprioc a dhéanamh de thaighde agus d'fhorbairt i limistéir ar nós comhábhair fheidhmeacha, bianna ullmhaithe tomhaltais, feolta breisluacha, géanómaíochta, inbhuanaitheacht an chomhshaoil agus earnáil speisialtóireachta. D'fhéadfaí a mheas, leis, go ndéanfadh straitéisí le hastuithe GHG a laghdú an sainchúram taighde agus forbartha a nascadh le buarthaí comhshaoil mar aon le béim ar an tomhaltóir.

Ní mór go mbeadh tiomantas méadaithe do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha comhoibritheacha i dteannta béim a chur ar mheantóireacht a dhéanamh ar nuálaíocht agus ar ghníomhaíocht fhiontraíoch mar aon le hiad a mhúscailt d'fhonn cruthú post a mhéadú i gceist i gcur chuige cliste taighde agus forbartha i dtimpeallacht ina bhfuil laghdú tagtha ar acmhainní.

Conclúid

Léiríonn **Fhómhair Bia 2020** comhdhearcadh an Choiste lenar comhaontaíodh i ndáil leis an mbealach chun cinn le haghaidh agraibhia agus iascaigh na hÉireann. Níor thacaigh gach ball le gach moladh, ach is ionann an bundearcadh atá acu – nach mór meicníochtaí, méadracht, freagracht agus frámaí ama soiléire a bhunú le dul chun cinn a thomhas. Sa chomhthéacs seo, molann an Coiste go mbunófaí Coiste Forfheidhmithe ardleibhéil, faoi stiúir an DAFF, d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar a sheachadadh agus d'fhonn é a chur chun cinn.

Ba mhaith leis an gCoiste a mbuíochas a ghabháil le gach duine ag a raibh feidhm i bhforbairt na tuarascála agus tá an tuarascáil á cur faoi bhráid an Rialtais le meastóireacht a dhéanamh uirthi, agus táthar daingean faoin tuairim go gcuirtear ar fáil inti treochlár le tionscal na hIascaireachta agus an agraibhia in Éirinn a shuí go lárnach i ngeilleagar cliste na hÉireann atá faoi stiúir na n-easpórtálacha agus le caipitliú a dhéanamh ar an gcumas fostaíocht agus saibhreas a chruthú atá ag fiontar nuálaíoch dúchasach.

An Roinn Talmhaiochta, Iascaigh agus Bia
Iuil 2010

Department of
**Agriculture,
Fisheries and Food**
An Roinn
**Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia**